# Gradaim Dhea-chleachtais d’Ionaid Oibre Shláintiúla 2023–2025

# CÁS-STAIDÉAR

## Aip dhigiteach le haghaidh sábháilteacht oibrithe agus tuairisciú teagmhas i monaraíocht leictreonach

MOLTA

| EAGRAÍOCHT/CUIDEACHTA | TÍR | EARNÁIL | CÚRAIMÍ |
|---|---|---|---|
| Intel Corporation | Éire | Monaraíocht leictreonach | Táirgeadh sliseanna ríomhaire |

**Réamhrá maidir leis an gcás-staidéar**

In Intel Ireland, is mó ná tosaíocht í an tsábháilteacht – is cultúr í. Tríd an “Safety App” agus an córas “CatchWise” a sheoladh, chuir Intel sábháilteacht san ionad oibre chun cinn, agus tuairisciú ar riosca á chuíchóiriú agus baint á húsáid as an intleacht shaorga (IS) chun rioscaí a shainaithint sula rachaidís i ndonacht. Le tacaíocht láidir an lucht ceannais agus rannpháirtíocht ghníomhach na bhfostaithe, tháinig borradh faoin rannpháirtíocht sábháilteachta, tháinig laghdú ar ghortuithe, agus rinneadh córas réamhghníomhach sonraíbhunaithe as an tsábháilteacht san ionad oibre – rud lenar cuireadh leis an bhfolláine agus leis an tsármhaitheas oibríochtúil araon.

## Cúlra

Is mol nuálaíochta é campas Intel i Léim an Bhradáin, Éire, ina bhfuil saoráid cheannródaíoch déantúsaíochta sliseog leathsheoltóra agus Grúpa an Aonaid um Próiseáil Néarach (NPU) a fhorbraíonn teicneolaíocht agus bogearraí ísealchumhachta IS don Ghrúpa Ríomhaireachta Cliant de chuid Intel. De réir mar a leathnaigh an láithreán agus de réir mar a tháinig forbairt ar an teicneolaíocht, tháinig méadú freisin ar na dúshláin a bhain le cur chuige rianúil a choinneáil i leith na sábháilteachta agus sláinte ceirde (OSH).

Ós rud é go bhfuil lucht saothair atá de shíor ag dul i méid de níos mó ná 4 500 duine anois, mar aon le timpeallacht oibre atá ag éirí níos casta i gcónaí, bhí bealach ní ba thapúla agus ní b’éifeachtúla ag teastáil ó oibrithe chun rochtain a fháil ar fhaisnéis riachtanach ó thaobh an chomhshaoil, na sláinte agus na sábháilteachta (EHS) de. Mar gheall nach raibh aon mhol láraithe ann, áfach, ba dheacair teagmhálaithe sábháilteachta agus sonraí cothrom le dáta an chláir a aimsiú go caoithiúil.

Dúshlán fíorthábhachtach eile ab ea an phróiseáil de láimh ar thuarascálacha a bhain le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OHS) a bhí le cur isteach. Ní hamháin gur cuireadh moill ar agaí freagartha mar gheall ar an méid ama a theastaigh ón gcóras sin, laghdaíodh dá bharr freisin an cumas aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann.

Agus na bearnaí sin á n-aithint aige, lorg Intel réiteach nuálach chun rochtain ar acmhainní sábháilteachta a chuíchóiriú agus chun cosaint san ionad oibre a uasghrádú.

## Aidhmeanna

Is é sprioc Intel modheolaíochtaí sábháilteachta agus cumarsáide sna saoráidí monaraíochta a fheabhsú, agus cultúr sábháilteachta láithreáin buan agus den chéad scoth a chur chun cinn.

## Cad a rinneadh agus conas a rinneadh é?

- Chuir Intel an Safety App agus an córas CatchWise chun feidhme d’fhonn sábháilteacht san ionad oibre a neartú, cumarsáid a chuíchóiriú agus cultúr sábháilteachta réamhghníomhach a chothú.
- Cuirtear rochtain láithreach ar fáil leis an Safety App ar acmhainní agus ar theagmhálaithe sábháilteachta, déantar tuairisciú a shimpliú agus spreagtar rannpháirtíocht oibrithe i dtionscnaimh shábháilteachta.

- Déanann CatchWise bota comhrá IS a ghiaráil chun sonraí sábháilteachta a anailísiú, treochtaí a shainaithint agus bearta sábháilteachta a bheachtú chun rioscaí agus teagmhais fhéideartha a laghdú.
- Lean cur chun feidhme na n-uirlisí sin ordlathas an choisc, agus an prionsabal STOP á chur i bhfeidhm; ionadú próiseas sábháilteachta páipéarbhunaithe; bearta teicneolaíochta ina n-úsáidtear anailísíocht atá bunaithe ar IS agus rochtain teagmhála fíor-ama; bearta eagraíochtúla le cóid QR lena n-áirithítear rochtain ar uirlisí sábháilteachta do gach oibrí; agus bearta cosanta pearsanta a bhfuil gnéithe ionsuite acu le haghaidh seiceálacha sábháilteachta pearsanta agus meabhrúcháin TCP.
- Tacaíonn bainisteoirí sinsearacha go leanúnach leis na huirlisí digiteacha agus cuireann siad chun cinn iad trí chruinnithe agus trí chumarsáid ar fud na cuideachta. Déanann siad iniúchtaí ar an gcomhshaol, ar shábháilteacht agus ar shláinte freisin trí úsáid a bhaint as an Safety App chun barúlacha a logáil, chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rianú, agus chun teagmhais a chosc. Le linn chéim sheolta agus phíolótach na n-aipeanna sin, chuir siad am breise ar fáil d'oibrithe chun dul in oiriúint dóibh agus thug siad isteach clár aitheantais d'fhonn rannpháirtíocht oibrithe a chúiteamh.

## Cad a baineadh amach?

- Chuir an chuideachta feabhas ar chumarsáid sábháilteachta agus ar fhreagrúlacht, le tuairisciú agus réiteach ní ba thapúla ar ábhair imní sábháilteachta.
- Cuireadh feabhas ar rannpháirtíocht i mbearta sábháilteachta réamhghníomhacha, agus oibrithe i mbun rioscaí a shainaithint go gníomhach agus aghaidh a thabhairt orthu.
- Tríd an Safety App agus an córas CatchWise a chomhtháthú, tháinig méadú ar thuairisciú ar riosca, rud lenar léiríodh feasacht mhéadaithe ar shábháilteacht.
- Leis an gcóras CatchWise, arna chumhachtú ag IS, is féidir patrúin agus rioscaí a bhrath go tapa, teagmhais a chosc sula dtarlaíonn siad, agus treochtaí sábháilteachta a anailísiú.
- Le rannpháirtíocht mhéadaithe i dtuairisciú ar riosca treisíodh cultúr an fhaireachais sábháilteachta leanúnaigh.
- Braitheann oibrithe go bhfuil meas orthu agus go mbíonn siad rannpháirteach go gníomhach i gclár sábháilteachta atá cuimsitheach agus réamhghníomhach.
- Feidhmíonn an láithreán anois le cur chuige i leith na sábháilteachta atá níos freagrúla, níos sonraíbhunaithe agus níos dírithe ar an bhfostaí.

## Tosca ratha

- De bharr chomhéadan iomasach soláimhsithe na haipe, cinntítear gur féidir le hoibrithe ar gach leibhéal ó thaobh scileanna de nascleanúint tríd an aip agus í a úsáid go héasca.
- Méadaítear inrochtaineacht leis an gcóras cód QR, rud a cheadaíonn rochtain láithreach ar acmhainní sábháilteachta le scanadh simplí.
- Spreag tacaíocht agus tiomantas láidir an lucht ceannais glacadh agus comhtháthú forleathan na haipe i gcleachtais laethúla sábháilteachta.
- Bhí oibrithe rannpháirteach go gníomhach i soláthar sonraí le haghaidh CatchWise, rud a chruthaigh lúb aiseolais lena neartaítear bearta sábháilteachta.
- Bhí cur chun feidhme mhodh STOP – ionadú próiseas sábháilteachta páipéarbhunaithe; bearta teicneolaíochta, eagraíochtúla agus cosanta pearsanta – ina thoisc rathúil chun cultúr OSH san ionad oibre a fheabhsú.

## Inaistritheacht

Cuireann cur chuige Intel Ireland i leith na sábháilteachta tríd an Safety App agus an córas IS CatchWise samhail inscálaithe agus inoiriúnaithe ar fáil do thionscail eile, iad siúd a bhfuil timpeallachtaí oibriúcháin casta agus fórsaí saothair móra acu go háirithe. Is féidir le cuideachtaí atá ag iarraidh a straitéisí OSH a bharrfheabhsú uirlisí comhchosúla a ghlacadh chun tuairisciú a shimpliú, brath guaise a fheabhsú agus rannpháirtíocht réamhghníomhach sábháilteachta a chothú. Léiríonn na príomhfhachtóirí ratha – uirlisí digiteacha atá dírithe ar an úsáideoir, tacaíocht láidir an lucht ceannais agus rannpháirtíocht ghníomhach oibrithe – gur féidir cultúr sábháilteachta atá bunaithe ar theicneolaíocht agus atá cumhachtaithe ag oibrithe a mhacasamhlú in earnálacha éagsúla.

## Costais agus sochair

Chun an Safety App agus an córas IS CatchWise a chur chun feidhme, bhí gá le hinfheistíocht tosaigh, lenar áiríodh am oiliúna agus cur in aghaidh teicneolaíochtaí nua a shárú. Mar sin féin, a bhuí le glacadh uirlisí sábháilteachta digiteacha, tá feabhas tagtha ar chumarsáid sábháilteachta, tá laghdú tagtha ar ghortuithe san ionad oibre, agus tá sásamh poist tar éis méadú. Tá cultúr sábháilteachta réamhghníomhach tagtha chun cinn, lena dtreisítear cáil Intel mar cheannaire ó thaobh sábháilteacht san ionad oibre de. Is suntasach iad na gnóthachain fhadtéarmacha a chonacthas, cuir i gcás laghdú ar thionóiscí, costais dlí, agaí neamhfhónaimh agus caillteanais i dtaobh táirgiúlachta. I measc na bpríomhéachtaí tá laghdú 50 % ar ghortuithe garchabhrach agus laghdú 30 % ar ghortuithe tromchúiseacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Agus níos mó ná 30 000 dea-aimsiú logáilte agus 11 000 siúlóid sábháilteachta curtha i gcrích in 2024, tá rannpháirtíocht fostaithe i dtionscnaimh

sábháilteachta níos láidre ná riamh. I bhfianaise thiomantas Intel don tsábháilteacht a chomhtháthú le nuálaíocht theicneolaíoch le haghaidh ionad oibre níos sábháilte agus níos éifeachtúla bronnadh an Gradam Barr Feabhais Monaraíochta Fab Sort agus an dá ghradam ó Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann air.

## Príomhghnéithe an tsampla dea-chleachtais

- Cuirtear mol láraithe ar fáil leis an Safety App le haghaidh faisnéis sábháilteachta, lena n-áirítear léarscáileanna láithreáin idirghníomhacha ina dtaispeántar caibinéid TCP, suíomhanna stórála ceimiceán agus diúscartha dramhaíola, agus éascaítear rianú siúlóide sábháilteachta leis chun cigireachtaí réamhghníomhacha sábháilteachta a spreagadh. Leabaítear leis freisin uirlis tuairiscithe le haghaidh 'dea-aimsiú', is é sin, tuairisc ar ghníomh nó dáil a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte agus a bhféadfadh díobháil a bheith mar thoradh air.
- Déantar uathoibriú ar anailísiú níos mó ná 35 000 tuairisc ar dhea-aimsithe gach bliain leis an uirlis CatchWise, rud a chuireann deireadh leis an bpróiseáil mhall de láimh. Úsáidtear aithint patrún atá bunaithe ar IS chun treochtaí sábháilteachta agus réimsí ardriosca a shainaithint, agus léargais á scagadh go leanúnach trí mheán na meaisínfhoghlama.




## Tuilleadh faisnéise

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag:

https://www.intel.ie/content/www/ie/en/company-overview/intel-leixlip.html

***A bhuí le glacadh uirlisí sábháilteachta digiteacha, tá feabhas tagtha ar chumarsáid sábháilteachta, tá laghdú tagtha ar ghortuithe san ionad oibre, agus tá sásamh poist tar éis méadú.***